2025/2549

22.12.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2549 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Nollaig 2025

lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/486 ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2023/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha agus na nósanna imeachta a bhaineann le stádas dearbhóra SCCT údaraithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena mbunaítear sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha ([1]), agus go háirithe Airteagail 5(8) agus 17(10) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leasaíodh Rialachán (AE) 2023/956 le Rialachán (AE) 2025/2083 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), lenar simplíodh agus lenar neartaíodh an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha, trí athbhreithniú a dhéanamh ar na nósanna imeachta chun iarratas a dhéanamh ar stádas dearbhóra SCCT údaraithe agus chun an stádas sin a dheonú agus athbhreithniú a dhéanamh ar na coinníollacha lena rialaítear na nósanna imeachta sin.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/486 ón gCoimisiún ([3]), leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2023/956 a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha agus na nósanna imeachta a bhaineann le stádas dearbhóra SCCT údaraithe. Ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/486 a leasú chun na hathruithe a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2025/2083 a chur san áireamh.

(3) An nós imeachta comhairliúcháin maidir le stádas dearbhóra SCCT údaraithe a dheonú agus a chúlghairm, a leagtar síos i Rialachán (AE) 2023/956, le Rialachán (AE) 2025/2083, rinneadh nós imeachta roghnach de agus rinneadh an teorainn ama a leagtar amach le haghaidh an nós imeachta comhairliúcháin sin a thiontú ó laethanta oibre go laethanta féilire. Dá bhrí sin, ba cheart an roghnaíocht agus an teorainn ama sin a léiriú i bhforálacha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/486 maidir leis an nós imeachta sin.

(4) Thairis sin, le Rialachán (AE) 2025/2083 cuireadh síneadh leis an sprioc-am chun na dearbhuithe SCCT a leagtar amach i Rialachán (AE) 2023/956 a chur isteach chun níos mó ama a thabhairt do dhearbhóirí SCCT a n-oibleagáidí a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, ba cheart an tréimhse lena gcumhdaítear dearbhuithe SCCT i gcás cúlghairme a choigeartú dá réir sin.

(5) Chun an t-ualach riaracháin a laghdú, an t-údarás inniúil a dhéanann measúnú ar iarratas ar stádas dearbhóra SCCT údaraithe, ba cheart an cead a bheith aige faisnéis agus sonraí ábhartha a aisghabháil go digiteach ó údaráis inniúla náisiúnta eile, ar choinníoll go gceadaítear sin leis an dlí náisiúnta nó ar choinníoll gur thoiligh an t-iarratasóir leis an bpróiseáil sonraí.

(6) I gcomhréir le Rialachán (AE) 2025/2083, ceannófar deimhnithe SCCT ó 2027 ar aghaidh. Is gá, dá bhrí sin, beart malartach a bhunú maidir leis na hiarmhairtí a bhaineann le deimhnithe SCCT a chúlghairm agus a thabhairt suas don bhliain féilire 2026.

(7) Ina theannta sin, ní mór tagairt earráideach in Airteagal 22(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/486 d'Airteagal 25 seachas 26 den Rialachán sin a cheartú.

([1]) IO L 130, 16.5.2023, lch. 52, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/956/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2025/2083 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Deireadh Fómhair 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/956 a mhéid a bhaineann le simpliú agus neartú an tsásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha (IO L, 2025/2083, 17.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/2083/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/486 ón gCoimisiún an 17 Márta 2025 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2023/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha agus na nósanna imeachta a bhaineann le stádas dearbhóra SCCT údaraithe (IO L, 2025/486, 18.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/486/oj).

(8) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/486 a leasú agus a cheartú dá réir.

(9) Tá na bearta a leagtar amach sa Rialachán seo comhsheasmhach leis an tuairim ó Choiste SCCT,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/486

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/486 mar a leanas:

(1) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Tabharfaidh an t-iarratasóir údar le hiarraidh ar choigeartú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a leagtar amach in Airteagal 5(5), pointí (d) go (ga), de Rialachán (AE) 2023/956 san iarraidh ar choigeartú.';

(2) in Airteagal 4, cuirtear na míreanna 6 agus 7 seo a leanas isteach:

'6. I gcás ina mbeidh an stádas 'cláraithe' ag iarratas mar i gclárlann SCCT faoin 31 Márta 2026 i gcomhréir le hAirteagal 17(7a) de Rialachán (AE) 2023/956, féadfaidh an t-iarratasóir leanúint go sealadach d'earraí a allmhairiú go dtí an dáta a thiocfaidh cinneadh maidir leis an iarratas i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 7.

7. In ionad an fhaisnéis a cheanglaítear faoin Rialachán seo a fháil chun measúnú a dhéanamh ar an iarratas ón iarratasóir, féadfaidh an t-údarás inniúil uirlisí digiteacha a úsáid chun faisnéis ábhartha a aisghabháil ó údaráis inniúla náisiúnta eile laistigh den Bhallstát, i gcás ina dtoilíonn an t-iarratasóir leis an aisghabháil sin nó ar choinníoll go gceadaítear sin leis an dlí náisiúnta an fhaisnéis sin a aisghabháil ó údaráis inniúla náisiúnta eile.';

(3) Leasaítear Airteagal 11 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. An nós imeachta comhairliúcháin lena mbaineann páirtithe a ndeachthas i gcomhairle leo dá dtagraítear in Airteagal 17(1), an dara fomhír de Rialachán (AE) 2023/956 ('an nós imeachta comhairliúcháin'), féadfaidh an t-údarás inniúil an nós imeachta sin a thionscnamh i bhformáid leictreonach trí chlárlann SCCT. Cuirfear an nós imeachta comhairliúcháin i gcrích sula rachaidh an teorainn ama a leagtar amach in Airteagal 4(1) in éag.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhoclaíocht tosaigh mhír 2:

'Le linn an nós imeachta comhairliúcháin, féadfaidh an t-údarás inniúil an comhairliúchán a thionscnamh bunaithe ar an méid seo a leanas:';

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 12:

'*Airteagal 12*

Tréimhse an chomhairliúcháin

1. Socróidh an t-údarás inniúil sprioc-am do na páirtithe a ndeachthas i gcomhairle leo maidir lena mbarúlacha a chur isteach de bhun Airteagal 11(3). Ní bheidh an tréimhse sin níos faide ná 15 lá féilire.

2. Féadfaidh an t-údarás inniúil síneadh ama a chur leis an sprioc-am a leagadh síos don chomhairliúchán i gcomhréir le mír 1 in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) iarrann an t-iarratasóir coigeartuithe i gcomhréir le hAirteagal 2 a nglacann an t-údarás inniúil leo agus atá ábhartha chun críoch an chomhairliúcháin;

(b) iarrann an páirtí a ndeachthas i gcomhairle leis níos mó ama mar gheall ar chineál na scrúdúchán atá le déanamh;

(c) Ní rachaidh an síneadh dá dtagraítear i bpointe (b) thar 15 lá féilire.

3. Na páirtithe a ndeachthas i gcomhairle leo, mura dtugann siad aon fhreagra laistigh de na sprioc-amanna a leagadh síos don chomhairliúchán i gcomhréir le míreanna 1 agus 2, measfar na coinníollacha agus na critéir a raibh an comhairliúchán ar siúl ina leith a bheith comhlíonta.';

(5) Leasaítear Airteagal 21 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:

‘2. I gcás ina bhfuil dáta na cúlghairme dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo an 30 Meán Fómhair gach bliain nó roimhe sin, áireofar sa dearbhú SCCT an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 6(2), pointí (a), (b) agus (c), de Rialachán (AE) 2023/956 agus, i gcás inarb iomchuí, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 6(2), pointe (d) den Rialachán sin, maidir le hearraí a allmhairíodh roimh dháta na cúlghairme agus nach gcumhdaítear ar shlí eile le dearbhú SCCT.

3. I gcás ina bhfuil dáta na cúlghairme dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo tar éis an 30 Meán Fómhair gach bliain, áireofar sa dearbhú SCCT an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 6(2), pointí (a), (b) agus (c), de Rialachán (AE) 2023/956 agus, i gcás inarb iomchuí, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 6(2), pointe (d) den Rialachán sin, maidir le hearraí a allmhairíodh idir an 1 Eanáir den bhliain sin agus dáta na cúlghairme.’;

(b) cuirtear an mhír 10 seo a leanas leis:

‘10. I gcás ina ngabhann éifeacht le cúlghairm i gcomhréir le hAirteagal 24 den Rialachán seo, laistigh den bhliain féilire 2026, déanfar an líon iomlán deimhnithe SCCT dá dtagraítear i mír 7 den Airteagal seo a thabhairt suas faoin 15 Feabhra 2027.’;

(6) Leasaítear Airteagal 23 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:

‘2. I gcás ina dtugtar fógra faoin gcinneadh cúlghairme an 30 Meán Fómhair gach bliain nó roimhe sin, áireofar sa dearbhú SCCT an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 6(2), pointí (a), (b) agus (c), de Rialachán (AE) 2023/956 agus, i gcás inarb iomchuí, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 6(2), pointe (d), den Rialachán sin, maidir le hearraí a allmhairíodh roimh an dáta a tugadh fógra faoin gcinneadh cúlghairme agus nach gcumhdaítear ar shlí eile le dearbhú SCCT.

3. I gcás ina dtugtar fógra faoin gcinneadh cúlghairme tar éis an 30 Meán Fómhair gach bliain, áireofar sa dearbhú SCCT an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 6(2), pointí (a), (b) agus (c), de Rialachán (AE) 2023/956 agus, i gcás inarb iomchuí, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 6(2), pointe (d), den Rialachán sin, maidir le hearraí a allmhairíodh idir an 1 Eanáir den bhliain sin agus an dáta a tugadh fógra faoin gcinneadh cúlghairme.’;

(b) cuirtear an mhír 8 seo a leanas leis:

‘8. I gcás ina ngabhann éifeacht le cúlghairm i gcomhréir le hAirteagal 24 den Rialachán seo, laistigh den bhliain féilire 2026, déanfar an líon iomlán deimhnithe SCCT dá dtagraítear i mír 7 den Airteagal seo a thabhairt suas faoin 15 Feabhra 2027.’;

(7) Leasaítear Airteagal 26 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. An nós imeachta comhairliúcháin lena mbaineann na páirtithe a ndeachthas i gcomhairle leo, féadfaidh an t-údarás inniúil tús a chur leis an nós imeachta sin i bhformáid leictreonach trí chlárlann SCCT agus a léiriú go bhfuil sé beartaithe stádas dearbhóra SCCT údaraithe a chúlghairm. I gcás ina dtionscnaíonn an t-údarás inniúil nós imeachta comhairliúcháin, éileoidh sé, chun a chinneadh a dhéanamh, faisnéis bhreise maidir leis na critéir a leagtar amach in Airteagal 17(2) de Rialachán (AE) 2023/956.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Cinnfidh an t-údarás inniúil sprioc-am don nós imeachta comhairliúcháin, sprioc-am nach faide ná 15 lá féilire ag tosú ón dáta a chuirfidh an t-údarás inniúil sin in iúl faoi na coinníollacha agus na critéir nach mór do pháirtithe a ndeachthas i gcomhairle leo a scrúdú.’;

(8) in Airteagal 27, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2, pointe (b) agus pointe (c):

‘(b) an teorainn ama, nach rachaidh thar 15 lá féilire, ar laistigh di is féidir leis an dearbhóir SCCT údaraithe barúlacha a chur isteach;

(c) i gcás inarb infheidhme, an teorainn ama, nach mbeidh níos faide ná 5 lá féilire, ar laistigh di is féidir leis an dearbhóir SCCT údaraithe atá faoi réir na cúlghairme láithrí dá dtagraítear in Airteagal 25 barúlacha a chur isteach.’.

Airteagal 2

Ceartú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/486

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte i mír 3 d'Airteagal 22:

'Féadfaidh an t-údarás inniúil iarraidh ar an dearbhóir SCCT údaraithe faisnéis bhreise a sholáthar agus barúlacha a thabhairt ar an bhfaisnéis ar a bhfuil sé beartaithe ag an údarás inniúil a chinneadh a bhunú chun an t-údarú a chúlghairm sula ndéanfaidh sé cinneadh den sórt sin nó sula dtionscnóidh sé nós imeachta comhairliúcháin de bhun Airteagal 26.'.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Nollaig 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN